**Ceist le haghaidh freagra ó bhéal O-000019/2018**
**ar an gCoimisiún**
Rule 128
**Younous Omarjee, Patrick Le Hyaric, Lynn Boylan, Xabier Benito Ziluaga, Rina Ronja Kari, Marisa Matias, Maria Lidia Senra Rodríguez, Merja Kyllönen, Martina Anderson, Matt Carthy, Liadh Ní Riada, Kostas Chrysogonos, Estefanía Torres Martínez, Stefan Eck, João Ferreira, Tania González Peñas, Miguel Urbán Crespo, Lola Sánchez Caldentey, Anja Hazekamp, Cornelia Ernst, Kostadinka Kuneva, Takis Hadjigeorgiou, Neoklis Sylikiotis, Luke Ming Flanagan, Sofia Sakorafa, Dimitrios Papadimoulis, Sabine Lösing, João Pimenta Lopes, Miguel Viegas, Martina Michels, Martin Schirdewan, Gabriele Zimmer, Stelios Kouloglou, Nikolaos Chountis, Marie-Pierre Vieu, Marie-Christine Vergiat, Helmut Scholz, Jiří Maštálka**

Ábhar: Iarraidh ar imscrúdú maidir leis an Treoir Tobac a bheith á comhlíonadh tar éis Filtergate

Déantar foráil in Airteagal 3, in Airteagal 4 agus in Airteagal 5 de Threoir 2014/40/AE a bhaineann le tobac a mhonarú, a chur i láthair agus a dhíol maidir le leibhéil na n-astaíochtaí tarra, nicitín agus aonocsaíde carbóin a cheadaítear sna táirgí tobac, na modhanna tomhais agus na riachtanais thuairiscithe le haghaidh comhábhar agus astaíochtaí. Foráiltear go háirithe in Airteagal 3 nach bhféadfaidh leibhéil astaíochtaí na dtoitíní a chuirtear ar an margadh nó a mhonaraítear sna Ballstáit dul thar 10 milleagram tarra, 1 mhilleagram nicitín agus 10 milleagram aonocsaíde carbóin in aghaidh an toitín. Foráiltear in Airteagal 4 den Treoir go ndéanfaidh na saotharlanna formheasta na hastaíochtaí tarra, nicitín agus aonocsaíde carbóin a fhíorú agus go ndéanfaidh údaráis inniúla na mBallstát faireachán ar na hastaíochtaí sin. Ar deireadh, sonraítear in Airteagal 5 go gcaithfidh na Ballstáit a cheangal ar mhonaróirí agus ar allmhaireoirí táirgí tobac an fhaisnéis maidir leis na comhábhair, a gcainníocht agus leibhéil na n-astaíochtaí dá dtagraítear in Airteagal 3 a thabhairt dá n-údaráis inniúla. Bhí na hoibleagáidí sin uile i bhfeidhm cheana féin ó glacadh Treoir 2001/37/CE.

Tar éis an gearán a rinne an Coiste Náisiúnta in aghaidh Caitheamh Tobac le hIonchúisitheoir Poiblí na Fraince i gcoinne fochuideachtaí Francacha de cheithre chuideachta toitíní (British American Tobacco, Philipp Morris, Japan Tobacco agus Imperial Brand) as “daoine eile a chur i mbaol d’aon ghnó” bunaithe ar an bhfíric go líomhnaítear go raibh na toitíní lena mbaineann curtha ar an margadh trí ionramháil a dhéanamh ar scagairí na dtoitíní, ar toitíní iad a raibh a leibhéil dháiríre tarra, nicitín agus aonocsaíde carbóin ceaptha a bheith i bhfad níos airde ná na luachanna oifigiúla, an féidir leis an gCoimisiún a ráthú go bhfuil forálacha uile Threoir 2014/40/AE, agus go háirithe na forálacha thuasluaite, á gcur chun feidhme go hiarbhír sna Ballstáit go léir agus go bhfuil siad á n-urramú ag na cuideachtaí tobac?

Curtha síos: 22.2.2018
Curtha ar aghaidh: 26.2.2018
Spriocam le haghaidh freagra: 5.3.2018